

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1171 ÓN gCOIMISIÚN**an 15 Meitheamh 2023**

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982 agus (AE) 2021/2097 a mhéid a bhaineann le húsáid chomhcheangailte a bhaint as ullmhóid d'aigéad beansóch, formáit chailciam agus aigéad fúmarach le breiseáin eile ina bhfuil aigéad beansóch, aigéad formach, aigéad fúmarach agus foinsí díobh nó salainn díobh (sealbhóir an údaráithe Novus Europe NV)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982 ⁽²⁾ agus (AE) 2021/2097 ⁽³⁾ ón gCoimisiún údaraíodh ullmhóid d'aigéad beansóch, formáit chailciam agus aigéad fúmarach mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, shicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, le haghaidh turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin ar feadh tréimhse 10 mbliana.
- (2) Foráiltear leis na hlarscríbhinní a ghabhann le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982 agus (AE) 2021/2097, ina gcolún faoi seach, 'forálacha eile', nach bhfuil sé ceadaithe an breiseán a úsáid le foinsí eile d'aigéad beansóch nó le beansóaití, formáit chailciam, formáit agus aigéad fúmarach. Déantar amhlaidh ionas nach sárófar an dáileog uasta trí bhreiseáin eile a úsáid ina bhfuil na substaintí sin nó ina bhfuil foinsí díobh.
- (3) Tá údar maith leis an srian sin maidir le haigéad beansóch agus beansóaití toisc go bhfuil ardleibhéal d'aigéad beansóch ina chomhdhéanamh sa bhreiseán, ach níl údar leis maidir leis na substaintí eile, formáit chailciam, formáit agus aigéad fúmarach, toisc go bhfuil leibhéal an-íseal formáite cailciam agus aigéid fhúmaraigh sa bhreiseán. Chun comhréireacht a áirithiú, níor cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc ar chomhcheangal le breiseáin eile ach amháin maidir le breiseáin eile ina bhfuil aigéad beansóch agus beansóaití. Ba cheart go mbeadh cead an breiseán sin a chomhcheangal le breiseáin eile ina bhfuil aigéad formach, foirmáit, aigéad fúmarach agus fúmaráití ar choinníoll, in ábhair bheatha iomlána, nach sáraíonn na leibhéil 10 000 mg/kg d'aigéad formach agus 20 000 mg/kg d'aigéad fúmarach le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin. Nuair a bhíonn salainn as aigéid fhormacha agus fhúmaracha sa bhreiseán, níor cheart na leibhéil sin a sháru ach an oiread.
- (4) Foinsí d'aigéad formach agus fumaráití (salainn d'aigéad fumarach) is ea formáití (salainn d'aigéad formach). Is gá na húdaruithe atá ann cheana a chomhchuíbhiú lena áirithiú nach sárófar uasleibhéil na n-aigéad sin agus uasleibhéil foinsí uile a d'fhéadfadh a bheith sna haigéid sin (salainn na n-aigéad sin). I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982, tagraíonn an srian sa cholún 'forálacha eile' d'úsáid na hullmhóide le breiseáin eile ina bhfuil foinsí formáite cailciam, formáite agus aigéid fhúmaraigh. Ós rud é go gcuimsítear an fhormáit chailciam sa téarma formáit cheana (salann aigéid fhormaigh) agus go bhféadfadh go mbeadh formáití eile ann a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse aigéid fhormaigh, ba cheart go mbeadh feidhm ag an srian nua maidir le foirmáití i gcoitinne. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag an srian maidir le haigéad fúmarach agus maidir le fumaráití toisc go bhféadfadh fumaráití a bheith ina bhfoinse aigéid fhúmaraigh freisin. I Rialachán Cur Chun Feidhme

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2018 maidir le hullmhóid d'aigéad beansóch, formáit chailciam agus aigéad fúmarach a údarú mar bhreiseán beathaithe do shicíní lena ramhrú agus do shicíní a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaráithe Novus Europe NV) (IO L 176, 12.7.2018, lch. 13).⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2097 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2021 maidir le hullmhóid d'aigéad beansóch, formáit chailciam agus aigéad fúmarach a údarú mar bhreiseán beathaithe do shicíní lena ramhrú agus do shicíní a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaráithe Novus Europe NV) (IO L 427, 30.11.2021, lch. 190).

(AE) 2021/2097 sa cholún 'forálacha eile' tagraíonn an srian d'úsáid na hullmhóide le breiseáin eile ina bhfuil foinsí formáite cailciam nó aigéid fhormaigh agus aigéid fhúmaraigh. Le bheith soiléir, is gá an srian nua atá beartaithe a leathnú chuig formáití agus fúmaráití agus deireadh a chur leis an tagairt d'fhormáit chailciam toisc go bhfuil an tsubstaint sin cumhdaithe cheana sa tagairt d'fhormáití.

- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982 agus (AE) 2021/2097 a leasú dá réir sin.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982 i gcomhréir le pointe (1) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2097 i gcomhréir le pointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/982, sa naoú colún 'forálacha eile', pointe 2:
'2. Ní úsáidfean an breiseán le foinsí eile d'aigéad beansóch ná de bheansóaití. Nuair a úsáidtear an breiseán le foinsí eile formáití, aigéid fhormaigh, aigéid fhúmaraigh agus fúramáití, ní shárófar na hábhair fhoriomlána seo a leanas in ábhair bheatha iomlána :
— 10 000 d'aigéad formach agus
— 20 000 mg/ck d'aigéad fúmarach.'
 2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2 san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2097, sa naoú colún 'forálacha eile', pointe 2:
'2. Ní úsáidfean an breiseán le foinsí eile d'aigéad beansóch ná de bheansóaití. Nuair a úsáidtear an breiseán le foinsí eile formáití, aigéid fhormaigh, aigéid fhúmaraigh agus fúramáití, ní shárófar na hábhair fhoriomlána seo a leanas in ábhair bheatha iomlána :
— 10 000 d'aigéad formach agus
— 20 000 mg/ck d'aigéad fúmarach.'
-